C/2026/2784

20.5.2026

Glao ar léiriú spéise ó shaineolaithe seachtracha atá le ceapadh mar chomhaltaí de Choiste Comhairleach Eolaíoch an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (Frankfurt am Main, an Ghearmáin)

(C/2026/2784)

Réamhrá

I gcomhréir le hAirteagal 4(1) agus (5) agus Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ([1]), beidh Coiste Comhairleach Eolaíoch (CCE) ag an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), a thabharfaidh comhairle agus cúnamh maidir le saincheisteanna is ábhartha d'obair BERS. I ndáil leis sin, agus de bhun Airteagal 1(1) de Chinneadh BERS/2011/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 maidir leis na nósanna imeachta agus na ceanglais chun comhaltaí Choiste Comhairleach Eolaíoch an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS/2011/2) a roghnú, a cheapadh agus a ionadú ([2]), tá próiseas á sheoladh ag BERS leis seo chun comhaltaí CCE a roghnú.

Tá BERS ag iarraidh ar shaineolaithe seachtracha léirithe spéise a chur in iúl d'fhonn iad a cheapadh ina gcomhaltaí den CCE le haghaidh sainordú in-athnuaite ceithre bliana. Níl fostaithe na n-institiúidí óna bhfaigheann Bord Ginearálta BERS a chomhaltaí ([3]) incháilithe áfach chun iarratas a dhéanamh ([4]). Roghnófar na saineolaithe ar bhonn a n-inniúlachta ginearálta agus a dtaithí éagsúil i réimsí acadúla nó in earnálacha eile, go háirithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide nó i gceardchumainn, nó mar sholáthraithe nó mar thomhaltóirí seirbhísí airgeadais ([5]).

Chun éagsúlacht chomhaltaí an CCE a fheabhsú a thuilleadh, moltar go háirithe d'iarrthóirí baineanna iarratais a dhéanamh.

1. BERS agus CCE

Is comhlacht de chuid an Aontais é BERS atá freagrach as formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal a dhéanamh ar an gcóras airgeadais laistigh den Aontas. I ndáil leis an méid sin, is é an misean atá aige rannchuidiú le rioscaí sistéamacha don chobhsaíocht airgeadais a chosc nó a mhaolú. I gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, tar éis togra a fháil ó Choiste Stiúrtha BERS, déanfaidh Bord Ginearálta BERS saineolaithe seachtracha a fhormheas mar chomhaltaí de CCE agus bunóidh sé liosta ionadaithe.

2. Ról an CCE

2.1. Is dlúthchuid de BERS é CCE agus cuireann sé comhairle agus cúnamh ar fáil dó arna iarraidh sin do Chathaoirleach BERS nó don Bhord Ginearálta ([6]). Táthar ag súil go gcuirfidh comhaltaí an CCE go mór le sainordú an CCE a chur i gcrích. I measc cúraimí eile, ceanglaítear ar chomhaltaí an CCE an méid seo a leanas a sholáthar:

(i) rannchuidithe maidir le conas feabhas a chur ar mhodheolaíochtaí anailíseacha chun rioscaí a bhrath agus chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag a dteacht chun cinn;

(ii) rannchuidithe maidir le conas uirlisí beartais macrastuamachta éifeachtacha a dhearadh agus a chalabrú, lena n-áirítear uirlisí agus samhlacha atá ann cheana a fheabhsú chomh maith le huirlisí agus samhlacha nua agus/nó comhlántacha a mholadh;

(iii) cúraimí comhairleacha, lena n-áirítear athbhreithniú oscailte, neamhspleách agus anailíseach ar straitéisí macrastuamachta agus ar chreataí oibríochtúla, chun rannchuidiú le creat beartais BERS úrscothach a áirithiú.

([1]) IO L 331 15.12.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1092/oj.
([2]) IO C 39, 8.2.2011, lch. 10.
([3]) An Banc Ceannais Eorpach, bainc cheannais náisiúnta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach, na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta inniúla agus an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais.
([4]) Airteagal 3(2) de Chinneadh BERS/2011/2.
([5]) Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([6]) Airteagal 12(3) Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

2.2. Is i mBéarla a dhréachtaítear doiciméid agus tuarascálacha uile CCE, arb é teanga oibre BERS é. Féadfar tuarascálacha an CCE, i gcás ina n-údaraíonn an Bord Ginearálta iad, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin BERS ([7]).

2.3. Ina theannta sin, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an CCE comhairliúcháin a eagrú ag céim luath le páirtithe leasmhara amhail rannpháirtithe sa mhargadh, comhlachtaí tomhaltóirí agus saineolaithe acadúla, ar bhealach oscailte agus trédhearcach, agus ceanglas na rúndachta á chur san áireamh ag an am céanna ([8]).

2.4. Táthar ag súil go bhfreastalóidh comhaltaí an CCE ar cheithre chruinniú ar a laghad gach bliain, agus tionólfar dhá cheann díobh go fíorúil.

3. **Comhdhéanamh an CCE**

Tá an CCE comhdhéanta de 15 shaineolaí a dhéanann ionadaíocht ar raon leathan scileanna, taithí agus eolais a bhaineann le hearnálacha ábhartha uile na margaí airgeadais. Suíonn Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh Theicniúil (CCT) ar an gCCE freisin ([9]). Cé is moite de Chathaoirleach CCT, ní fhéadfaidh comhaltaí ASC a bheith ina bhfostaithe de chuid na n-institiúidí as a dtógann an Bord Ginearálta a chomhaltaí ([10]).

4. **An Cathaoirleach agus na Leas-Chathaoirligh**

Is é an Bord Ginearálta a cheapfaidh Cathaoirleach agus beirt Leas-Chathaoirleach CCE tar éis do Chathaoirleach BERS iad a mholadh ([11]). Beidh an Cathaoirleach agus an bheirt Leas-Chathaoirleach a cheapfar i mbun chathaoirleacht CCE ar a seal ar feadh 16 mhí an duine ([12]). Is comhaltaí den Bhord Ginearálta iad an Cathaoirleach agus na Leas-Chathaoirligh agus tá cearta vótála acu ([13]). Tá Cathaoirleach CCE ina chomhalta den Choiste Stiúrtha freisin ([14]). Tagann an Bord Ginearálta le chéile ceithre huaire sa bhliain ar a laghad ([15]) agus tagann an Coiste Stiúrtha le chéile uair sa ráithe ar a laghad roimh gach cruinniú den Bhord Ginearálta ([16]).

5. **Critéir roghnúcháin**

5.1. I gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, roghnófar comhaltaí CCE ar bhonn a n-inniúlachta ginearálta agus a dtaithí éagsúla i réimsí acadúla nó in earnálacha eile, go háirithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide nó i gceardchumainn, nó mar sholáthraithe nó tomhaltóirí seirbhísí airgeadais ([17]).

5.2. Beidh iarratais faoi réir meastóireachta comparáidí arna déanamh ag BERS, go háirithe ar bhonn na gcritéar roghnúcháin seo a leanas ([18]):

(i) saineolas cuimsitheach san earnáil airgeadais agus a caidreamh leis an ngeilleagar i gcoitinne agus inniúlacht ghinearálta a bhfuil cruthúnas uirthi maidir le saincheisteanna a bhaineann le riosca sistéamach, go háirithe ar leibhéal an Aontais;

(ii) rannchuidiú eolaíoch leis an tuiscint ar an idirghníomhú idir earnálacha na baincéireachta, na margaí urrús, nó an árachais agus na bpinsean ceirde ([19]);

(iii) a Ph.D. san airgeadas, san eacnamaíocht nó i réimse ábhartha eile, nó cáilíochtaí coibhéiseacha, taithí láidir acadúil in ollscoil, amhail ollúnacht, i réimse amháin nó níos mó atá ábhartha do BERS agus/nó teist láidir ó thaobh foilsiú de;

([7]) Airteagal 12(5) de Chinneadh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS/2011/1) (IO C 58, 24.2.2011, lch. 4).
([8]) Airteagal 12(5) Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([9]) Airteagal 12(1) Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([10]) Airteagal 3(2) de Chinneadh BERS/2011/2.
([11]) Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([12]) Airteagal 5(5) de Chinneadh BERS/2011/2.
([13]) Airteagal 6(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([14]) Airteagal 11(1)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([15]) Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([16]) Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([17]) Airteagal 12(1) Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([18]) Airteagal 3(1) de Chinneadh BERS/2011/2.
([19]) Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

(iv) an cumas athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar obair agus foilseacháin eolaíochta agus faisnéis agus sainchomhaid choimpléascacha a anailísiú;

(v) taithí ghairmiúil i dtimpeallacht ildisciplíneach, i gcomhthéacs idirnáisiúnta go hinmhianaithe;

(vi) scileanna cruthaithe cumarsáide scríofa agus béil sa Bhéarla, bunaithe ar thaithí theagaisc, ar láithreoireachtaí poiblí, ar rannpháirtíocht ghníomhach i gcruinnithe saineolaithe agus ar fhoilseacháin.

6. **Critéir roghnúcháin bhreise don Chathaoirleach agus do na Leas-Chathaoirligh**

Beidh ardleibhéal saineolais agus eolais ábhartha ag Cathaoirleach agus ag Leas-Chathaoirligh CCE araon, mar shampla de bhua a gcúlra acadúil agus gairmiúil den scoth in earnálacha na baincéireachta, na margaí urrús, nó an árachais agus na bpinsean ceirde. Ní fhéadfaidh an Cathaoirleach ná na Leas-Chathaoirligh, mar chomhaltaí den Bhord Ginearálta, aon fheidhmeanna sa tionscal airgeadais a chomhlíonadh ([20]). Ní mór don Chathaoirleach agus do na Leas-Chathaoirligh a bheith ina saoránaigh de Bhallstát den Aontas ([21]).

7. **An nós imeachta chun comhaltaí an CCE a roghnú agus a cheapadh**

7.1. Déanfaidh an Coiste Stiúrtha meastóireacht ar na hiarratais a gheofar i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin i mír 5.2, agus roghnóidh sé iarrthóirí a mholfar don Bhord Ginearálta mar chomhaltaí de ASC chomh maith le hiarrthóirí atá oiriúnach lena gcur ar liosta ionadaithe ([22]). Agus meastóireacht á déanamh ar iarratais agus iarrthóirí á roghnú aige, comhlánóidh an Coiste Stiúrtha foirm mheasúnaithe aonair do gach iarratasóir, lena n-áirítear achoimre ina leagfar béim ar a bhfiúntas agus a n-easnaimh shonracha agus conclúid maidir lena n-oiriúnacht lena gceapadh mar chomhalta de ASC nó lena n-áireamh ar an liosta ionadaithe ([23]). Cuirfidh an Coiste Stiúrtha torthaí an phróisis roghnúcháin faoi bhráid an Bhoird Ghinearálta lena bhformheas ([24]).

7.2. Féadfaidh an Bord Ginearálta tograí an Choiste Stiúrtha a fhormheas nó a iarraidh ar an gCoiste Stiúrtha iarrthóirí eile a mholadh mar chomhaltaí de CCE as measc na gcomhaltaí sin nár chuir an Coiste Stiúrtha i leataobh ([25]).

7.3. Is é an Bord Ginearálta a cheapfaidh Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirligh CCE tar éis do Chathaoirleach BERS iad a mholadh ([26]).

8. **Ceapachán, téarma agus liosta ionadaithe**

8.1. Ceapfar comhaltaí an CCE le haghaidh sainordú in-athnuaite ceithre bliana ([27]). Ina theannta sin, ar thogra ón gCoiste Stiúrtha, féadfaidh an Bord Ginearálta cinneadh a dhéanamh sainordú comhalta de CCE a athnuachan ar feadh ceithre bliana eile ar dhul in éag an tsainordaithe ([28]). Thairis sin, féadfaidh an Bord Ginearálta sainordú comhalta den CCE a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chinneadh BERS/2011/2.

8.2. Ceapfar comhaltaí an CCE i gcáil phearsanta, agus ní ceadmhach dóibh, dá bhrí sin, a bhfreagrachtaí a tharmligean chuig comhalta eile ná chuig tríú páirtí ach amháin don Chathaoirleach agus do na Leas-Chathaoirligh sna cásanna agus faoi na coinníollacha a leagtar amach i gCinneadh BERS/2011/1 ([29]). Beidh ar gach comhalta den CCE an litir cheapacháin ó Chathaoirleach BERS a chomhshíniú, conradh a shíniú le BCE agus na dearbhuithe dá dtagraítear in Airteagal 7 de Chinneadh BERS/2011/2 a sholáthar ([30]).

([20]) Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([21]) Airteagal 5(4) de Chinneadh BERS/2011/2.
([22]) Airteagal 2(1) de Chinneadh BERS/2011/2.
([23]) Airteagal 2(3) de Chinneadh BERS/2011/2.
([24]) Airteagal 2(4) de Chinneadh BERS/2011/2.
([25]) Airteagal 6(1) de Chinneadh BERS/2011/2.
([26]) Airteagal 6(2) de Chinneadh BERS/2011/2.
([27]) Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.
([28]) Airteagal 8(4) de Chinneadh BERS/2011/2.
([29]) Airteagal 6(3) de Chinneadh BERS/2011/2.
([30]) Airteagal 6(4) de Chinneadh BERS/2011/2.

8.3. Iarrthóirí nach gceaptar mar chomhaltaí den CCE ná nach gcuirtear as an áireamh sa phróiseas roghnúcháin, coinneofar ar liosta ionadaithe iad ([31]). I gcás folúntais, féadfar a iarraidh ar na hiarrthóirí ar an bpainéal sin é a líonadh ([32]). Ní hionann duine a bheith ar an liosta ionadaithe agus ráthaíocht a bheith aige go gceapfar é, áfach. Beidh an liosta ionadaithe bailí ar feadh tréimhse dhá bhliain tar éis a fhormheasta agus féadfar síneadh a chur lena bhailíocht go dtí go bhfoilseofar glao nua ar léiriú spéise ([33]).

9. **Slánaíochtaí agus aisíocaíocht speansas**

9.1. Beidh comhaltaí an CCE i dteideal slánaíochtaí agus aisíocaíocht speansas a bhaineann lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí an CCE Íocfaidh BCE na slánaíochtaí agus an aisíocaíocht sin i gcomhréir le míreanna 9.2 go 9.5 den ghlao seo ar léirithe spéise. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 11(4) de Chinneadh BERS/2011/1, rachfar i gcomhairle leis an mBord Ginearálta maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha arna gcinneadh ag BCE maidir le slánaíochtaí agus aisíocaíocht speansas laistigh den bhuiséad arna leithdháileadh ag BCE chuige sin.

9.2. Gan dochar do mhír 9.4, is iad seo a leanas na slánaíochtaí do chomhalta ASC nach bhfeidhmíonn mar Chathaoirleach ná mar Leas-Chathaoirleach ar ASC:

(i) EUR 500 chun go mbeidh an comhalta i láthair go pearsanta ag cruinniú de na daoine seo a leanas: (1) an CCE, an Bord Ginearálta, an Coiste Stiúrtha, an Coiste Comhairleach Teicniúil; nó (2) aon chruinniú eile de phríomh-fhostruchtúir chomhlachtaí BERS dá dtagraítear in (1); nó

(ii) EUR 62,50 in aghaidh na huaire do fhreastal ar líne an chomhalta ar aon cheann de na cruinnithe dá dtagraítear faoi (i).

Ina theannta sin, áirítear ar na slánaíochtaí le haghaidh comhalta den sórt sin den CCE cnapshuim EUR 500 ('slánaíocht ullmhúcháin') le haghaidh na ngníomhaíochtaí a dhéanann an comhalta mar ullmhúchán do gach cruinniú dá dtagraítear faoi (i) agus (ii) agus mar obair leantach orthu, cé is moite de chruinnithe a eagraítear ar bhonn ad hoc.

Thairis sin, le haghaidh rannpháirtíocht i gcruinnithe struchtúr oibre nach liostaítear thuas (e.g. tascfhórsaí, foirne tionscadail, nó sruthanna oibre na bpríomhstruchtúr agus na bhfostruchtúr), féadfaidh comhaltaí slánaíochtaí a éileamh faoi (i) nó (ii), agus slánaíochtaí ullmhúcháin de réir na rialach seo a leanas: mura rud é go bhfuil sé ag gníomhú mar Chathaoirleach nó mar Chomhchathaoirleach ar struchtúir oibre den sórt sin, ní fhéadfar ach slánaíocht ullmhúcháin amháin in aghaidh an tsainordaithe a éileamh.

Ní mór cúiteamh as aon chruinniú nó imeacht eile a chomhaontú roimh ré le Ceann Rúnaíocht BERS.

9.3. Gan dochar do mhír 9.4, is iad seo a leanas na slánaíochtaí do chomhalta ASC atá ag fónamh mar Chathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach:

(i) EUR 1 000 chun go mbeidh an comhalta i láthair go pearsanta ag cruinniú de na daoine seo a leanas: (1) an CCE, an Bord Ginearálta, an Coiste Stiúrtha, an Coiste Comhairleach Teicniúil; nó (2) aon chruinniú eile de phríomh-fhostruchtúir chomhlachtaí BERS dá dtagraítear in (1); nó

(ii) EUR 125 in aghaidh na huaire do fhreastal ar líne an chomhalta ar aon cheann de na cruinnithe dá dtagraítear faoi (i).

Ina theannta sin, áirítear ar na slánaíochtaí le haghaidh comhalta den sórt sin den CCE cnapshuim EUR 1 000 ('slánaíocht ullmhúcháin') le haghaidh na ngníomhaíochtaí a dhéanann an comhalta mar ullmhúchán do gach cruinniú dá dtagraítear faoi (i) agus (ii) agus mar obair leantach orthu, cé is moite de chruinnithe a eagraítear ar bhonn *ad hoc*.

Thairis sin, le haghaidh rannpháirtíocht i gcruinnithe struchtúr oibre nach liostaítear thuas (e.g. tascfhórsaí, foirne tionscadail, nó sruthanna oibre na bpríomhstruchtúr agus na bhfostruchtúr), féadfaidh comhaltaí slánaíochtaí a éileamh faoi (i) nó (ii), agus slánaíochtaí ullmhúcháin de réir na rialach seo a leanas: mura rud é go bhfuil sé ag gníomhú mar Chathaoirleach nó mar Chomhchathaoirleach ar struchtúir oibre den sórt sin, ní fhéadfar ach slánaíocht ullmhúcháin amháin in aghaidh an tsainordaithe a éileamh.

Ní mór cúiteamh as aon chruinniú nó imeacht eile a chomhaontú roimh ré le Ceann Rúnaíocht BERS.

([31]) Airteagal 4(1) de Chinneadh BERS/2011/2.
([32]) Airteagal 4(2) de Chinneadh BERS/2011/2.
([33]) Airteagal 4(3) de Chinneadh BERS/2011/2.

9.4. Is é seo a leanas uasmhéid na slánaíochtaí a bhfuil an comhalta ina dteideal i mbliain féilire i gcomhréir le míreanna 9.2 agus 9.3:

(i) EUR 15 000 i gcás comhalta nár fheidhmigh mar Chathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach ar an CCE sa bhliain féilire sin, nó

(ii) EUR 35 000 i gcás comhalta a bhí ina Chathaoirleach nó ina Leas-Chathaoirleach ar an CCE sa bhliain féilire sin.

Cuirfidh an comhalta Ceann Rúnaíocht BERS ar an eolas gan moill mhíchuí a luaithe a gheobhaidh sé amach go bhféadfar na huasmhéideanna sin a shárú sa bhliain féilire sin agus fanfaidh sé le dearbhú BERS sula leanfaidh sé de na seirbhísí a sholáthar dá mbeadh sé mar thoradh air sin go sroichfí an t-uasmhéid nó go sárófaí é.

9.5. I dteannta na slánaíochtaí a shonraítear faoi mhír 9.2, pointe (i) agus mír 9.3, pointe (i), déanfar costais taistil agus chóiríochta arna dtabhú ag comhaltaí ASC i dtaca le cruinnithe a bhaineann lena sainordú a aisíoc i gcomhréir le Téarmaí Tagartha BCE maidir le haisíoc speansas arna dtabhú ag cainteoirí ar tugadh cuireadh dóibh.

10. **Neamhspleáchas, dearbhuithe gealltanas agus leasa, agus rúndacht ghairmiúil**

10.1. Beidh ceapadh chomhaltaí ASC faoi réir dearbhuithe a sholáthar trína ngeallann comhaltaí go ngníomhóidh siad go neamhspleách ar aon tionchar seachtrach agus go mbeidh siad faoi threoir leas poiblí an Aontais. Chun na críche sin, déanfaidh na hiarrthóirí a roghnófar dearbhú tiomantais i scríbhinn agus dearbhú leasanna ina léireofar aon leasanna díreacha nó indíreacha a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas nó ina léirítear nach bhfuil aon leasanna den sórt sin acu ([34]).

10.2. Síneoidh na hiarrthóirí a roghnófar mar chomhaltaí den CCE dearbhú i scríbhinn freisin go gcomhlíonann siad na rialacha rúndachta ([35]).

10.3. Geallfaidh comhaltaí ASC freisin go gcloífidh siad le Cód Iompair BERS, a leagtar ([36]) amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh BERS/2011/3 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([37]).

10.4. Ina theannta sin, déanfaidh comhaltaí ASC a cheapfar mar Chathaoirleach nó mar Leas-Chathaoirleach dearbhú i scríbhinn a shíniú freisin lena ndeimhneofar nach bhfuil aon fheidhm acu sa tionscal airgeadais ([38]).

10.5. Beidh comhaltaí ASC faoi réir na n-oibleagáidí rúndachta gairmiúla a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010.

11. **Sonraí pearsanta a láimhseáil i gcomhthéacs an ghlao seo ar léirithe spéise**

11.1. Déanfaidh BERS na sonraí pearsanta uile a fhaightear i gcomhthéacs an ghlao seo ar léirithe spéise a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([39]) agus le gníomhartha dlí lena leasaítear na forálacha sin nó a chuirtear ina n-ionad.

([34]) Airteagal 7(1) de Chinneadh BERS/2011/2.
([35]) Airteagal 7(2) de Chinneadh BERS/2011/2.
([36]) Airteagal 7(4) de Chinneadh BERS/2011/2.
([37]) Cinneadh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 25 Márta 2011 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS/2011/3) (IO C 140, 11.5.2011, lch. 18).
([38]) Airteagal 7(3) de Chinneadh BERS/2011/2.
([39]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

11.2. Gheobhaidh an Coiste Stiúrtha agus an Bord Ginearálta sonraí pearsanta na n-iarratasóirí.

11.3. Is é BERS rialaitheoir na hoibríochta próiseála sonraí sin agus tá Ceann Rúnaíocht BERS i gceannas ar an aonad a bhfuil sé de chúram air sonraí pearsanta den sórt sin a phróiseáil. Maidir le gach ceist a bhaineann le sonraí pearsanta, féadfaidh ábhair sonraí dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí BCE ag dpo@ecb.europa.eu.

11.4. Is é cuspóir na próiseála sonraí rogha comhaltaí ASC a eagrú agus liosta ionadaithe a bhunú. Ní phróiseálfar na sonraí pearsanta go léir ach chun na críche seo.

11.5. Trí na sonraí pearsanta arna n-iarraidh a sholáthar, toilíonn na hiarratasóirí lena mbailiú agus lena bpróiseáil ag BERS. Féadfaidh iarratasóirí a dtoiliú a tharraingt siar tráth ar bith trí theagmháil a dhéanamh le info@esrb.europa.eu agus trí ascapplications@esrb.europa.eu a chóipeáil. Cuirfear deireadh le gach próiseáil ar fhaisnéis phearsanta na n-iarratasóirí a luaithe a tharraingeofar an toiliú siar, ach beidh aon phróiseáil a rinneadh roimh tharraingt siar an toilithe fós dleathach. Mar thoradh ar an toiliú a tharraingt siar, tarraingeoidh an t-iarratasóir siar ón nglao ar léirithe spéise.

11.6. Tá sé de cheart ag ábhair sonraí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta agus ceartú a iarraidh ar aon sonraí pearsanta atá míchruinn nó neamhiomlán. Mar sin féin, i gcomhréir le prionsabail na rochtana comhionainne, na hiomaíochta córa, na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe, agus chun a áirithiú go bhfuil an nós imeachta roghnúcháin trédhearcach agus cothrom do na hiarrthóirí uile, ní fhéadfar sonraí lena léirítear comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta agus roghnúcháin a thabhairt cothrom le dáta ná a cheartú tar éis dháta deiridh an ghlao seo ar léirithe spéise.

11.7. Tá sé de cheart ag iarratasóirí rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le meastóireacht a dhéanamh ar a n-iarratas le linn an nós imeachta. Chun rúndacht phléití agus chinnteoireacht an Choiste Stiúrtha agus an Bhoird Ghinearálta a chosaint agus chun cearta agus saoirsí na n-iarrthóirí eile a chosaint, beidh rochtain na n-iarratasóirí teoranta dá n-aighneacht féin agus do na codanna den mheasúnú a bhaineann leo.

11.8. Coimeádfaidh Rúnaíocht BERS sonraí pearsanta uile na n-iarratasóirí mar a leanas:

(i) déanfaidh Rúnaíocht BERS sonraí a bhaineann le comhaltaí ceaptha an CCE a choinneáil ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis do shainorduithe na gcomhaltaí dul in éag;

(ii) nuair a rachaidh bailíocht an phainéil in éag, coinneofar sonraí a bhaineann leis na hiarrthóirí atá liostaithe ann ar feadh tréimhse dhá bhliain;

(iii) coinneofar sonraí a bhaineann le hiarratasóirí nár éirigh leo ar feadh tréimhse dhá bhliain tar éis an nós imeachta roghnúcháin a thabhairt chun críche;

(iv) i gcás díospóid dhlíthiúil, cuirfear síneadh dhá bhliain leis na tréimhsí ama thuasluaite tar éis na himeachtaí ábhartha uile a thabhairt chun críche.

11.9. Tá na hábhair sonraí i dteideal dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí tráth ar bith.

11.10. Déanfar ainmneacha chomhaltaí ASC agus a gcleamhnachtaí, sa bhreis ar na dearbhuithe dá dtagraítear i roinn 10, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin BERS ([40]).

12. **Nós Imeachta iarratais**

12.1. Ní fhéadfar iarratais a chur isteach ach amháin i mBéarla tríd an bhfoirm iarratais atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BERS (www.esrb.europa.eu) a líonadh isteach agus trí *curriculum vitae* a chur isteach i bhformáid Europass (ar fáil ag: https://europass.europa.eu/en/create-europass-cv).

Ní mór iarratais a chur isteach tráth nach déanaí ná 23:59 CET an 10 Meitheamh 2026.

12.2. Is féidir iarratais a chur isteach trí ríomhphost chuig an seoladh seo a leanas: ascapplications@esrb.europa.eu.

([40]) Airteagal 11(5) de Chinneadh BERS/2011/1.

12.3. Eisiafar iarratais sna cásanna seo a leanas:

(i) cuirtear isteach iad tar éis an sprioc-ama nó ar mhodhanna eile (e.g. trí fhacs); nó

(ii) tá siad doiléir nó neamhiomlán go mór; nó

(iii) ní chuirtear isteach i mBéarla iad.

12.4. Ní mór d'iarratasóirí Rúnaíocht BERS a chur ar an eolas i scríbhinn gan mhoill maidir le haon athrú ar a staid nó maidir lena seoladh.

12.5. Scrúdófar gach iarratas ar bhonn na gcritéar a leagtar amach thuas. Cuirfear gach iarratasóir ar an eolas faoi thoradh an phróisis roghnúcháin agus ceapacháin.

13. **Dlínse**

I gcásanna dlíthíochta, beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.